

**FÉILE**  
BHITHÉAGSÚLACHTA  
& Sêo Meala  
PHÁIRC AN  
FHIONNUISCE



9<sup>ú</sup>

# Sêo Meala

## Meán Fómhair 2023

Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce

[www.phoenixpark.ie](http://www.phoenixpark.ie) | Teil: 01 820 5800



@phoenixparkopw



@thephoenixpark

### #phoenixparkbiofest



Oidhreacht Éireann  
**OPW**



Is cúis áthais do Chónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann, FIBKA, uair amháin eile, a bheith ag obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ar an bhFéile Bhithéagsúlachta agus an 7ú Seó Meala bliantúil. Is áis ar leith í Páirc an Fhionnuisce atá níos mó agus níos éagsúla ó thaobh líon na gcrann, na bplandaí agus an fhiadhúlra de, ná aon pháirc in aon chathair eile. Braitheann cuairteoirí go bhfuil siad faoin tuath agus iad i lár na cathrach i gcónaí. Tá Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí le blianta fada chun tábhacht na gnáthóige do gach cineál beiche a chur chun cinn. Níl sa bheach mheala ach beach amháin de na beacha sín. Is dual don bheach mheala mil agus pailín a chruinniú le go mairfidh sí. Bainistíonn beachairí, a bhfuil an saineolas cuí acu, an mianach seo sa bheach chun mil a tháirgeadh, gan cur isteach ar an mbeach ar chor ar bith. Tá an mianach seo ann leis na milliúin de bhlianta i bhfad sular tháinig ann don duine. Is neacha fiáine iad beacha agus níl a leithéid de rud ann agus beach mheala atá ceansaithe ag an duine. Tá mórtas orainn san eagraíocht seo oibriú i gcomhar le OOP chun beacha meala a lonnú i bPáirc an Fhionnuisce agus oibriú leis an bhfoireann dhíograiseach ann. Ba thoradh nádúrtha ar an gcomhar leanúnach seo an Seó Meala agus an Fhéile Bhithéagsúlachta. Is deis é don phobal súil a chaitheamh ar na cineálacha éagsúla meala a chuireann beachairí na tíre seo ar fáil agus labhairt leo faoin gceird ársa a chleachtann siad.

**John Donoghue**

*Uachtarán FIBKA*


Beacha a phailníonn breis is 70% den 100 barr bia óna bhfaightear 90% de bhia an domhain. Déanann beacha obair thábhachtach maidir le caomhnú na bithéagsúlachta i bPáirc an Fhionnuisce agus sna ceantair máguaird. Is mór an buntáiste do fhlóra agus d'fhána na Páirce an 12 choirceog atá scaipthe ar fud na Páirce agus iad á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe ag garraíodóirí OOP. Tá go leor duaiseanna meala náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite ag foireann garraíodóireachta OOP go dtí seo.

Féach ár gclár imeachtaí ina gcuirtear ceardlanna oideachais agus cainteanna faoin mbeacaireacht agus faoin ngarraíodóireacht a thacaíonn le beacha ar fáil do ghrúpaí scoile agus do dhreamanna ar spéis leo a leithéid.

Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as ár 7ú Seó Meala Pháirc an Fhionnuisce bliantúil agus guímid gach rath ar na hiomaitheoirí.

**Margaret Gormley**

*Príomhstiúrhóir na bPáirceanna, Oifig na nOibreacha Poiblí*



## Na Moltóirí:



John Donoghue | Redmond Williams | Paul Boyle | Jim Fletcher

## Rúnaí an tSeó Mheala

Meeda Downey, **Teil:** 01 820 5800 | **R-phost:** meeda.downey@opw.ie

## An Taispeántas

**8:00 -10:00 ar maidin** Na taispeántáin á leagan amach, Dé Sathairn,  
9 Mean Fómhair

**10.15 ar maidin** An mholtóireacht

**4:00 tráthnóna** Bronnadh na nduaiseanna

## Turais agus léachtaí

Ar siúl an lá ar fad.

Tuilleadh sonraí ar [phoenixpark.ie](http://phoenixpark.ie)



## Do na daoine óga

Gníomhaíochtaí teaghlaigh agus tuilleadh an lá ar fad.

***FÁILTE ROIMH CHÁCH CHUIG  
AN ÓCÁID SAOR IN AISCE SEO***



# Rialacha & Rialacháin


1. Ní mór na taispeántáin a thabhairt go hionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, Diméin Bhaile an Ásaigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 Dé Sathairn, an 9ú Meán Fómhair, 2023 idir 8.00 a.m. agus 10.00 a.m. Ar 10.15 ar maidin a thosóidh an mholtóireacht.
2. Ní féidir aon taispeántán a iontráil i níos mó ná aicme amháin.
3. Ní bheidh taispeántóir i dteideal níos mó ná duais amháin a fháil in aon aicme faoi leith.
4. Ní bheidh dul thar chinneadh na moltóirí.
5. Gabhann na moltóirí an ceart chucu féin gan na duaiseanna go léir nó aon cheann de na duaiseanna a bhronnadh in aicme ar bith.
6. Ní bheidh dul thar chinneadh choiste an tseó maidir le gach rud a bhaineann leis an taispeántas ach amháin maidir le cúrsaí moltóireachta.
7. Ní ceadmhach aon lipéad ná aon mharc idirdheallaitheach a chur ar aon taispeántais ach amháin i gcás Aicme 12. Ní mór na huimhreacha a chuireann rúnaí an tSeó ar fáil a chur thart faoi 12.5 mm ó bhun na bprócaí. Maidir le frámaí agus céir bheach, déanfar uimhir amháin a ghreamú den taispeántán, agus an ceann eile den choimeádán.
8. Is féidir céir a thaispeáint snasta nó gan snas de réir mar a roghnaíonn an taispeántóir.
9. Déanfar iontrálacha a scríobh ar an bhfoirm a chuirfear ar fáil agus ní mór iad a chur ar aghaidh chuig Rúnaí an tSeó, Meeda Downey Uasal, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Goirt Bhána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 faoin Aoine, an 8ú Meán Fómhair. **Ní mór gach iontráil eile a bheith ag Rúnaí an tSeó roimh 9 am lá an tSeó.**
10. Ní mór mil úsctha a thaispeáint i bprócaí neamh-mhaisithe 340g nó 454g ar a bhfuil scríochlaibín nó caschlaibín laicearaithe simplí óir. Ceadáítear claibíní CCBÉ. **Ní bhaineann an riail seo le hAicme 12.**
11. Ní mór meá a iontráil i mbuidéil déanta de ghloine thrédhearcach gan dath ná litreacha ná cuisilí. Glacfar le buidéal a bhfuil tóin leibhéalta nó tóin ardaithe fúthu. Ní mór buidéal a bheith corcáilte le stopalláin feire sa chaoi gur féidir iad a bhaint gan leas a bhaint as gléas meicniúil. Ní mór do thaispeántóirí sna haicmí sin a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
12. Ní mór gach mil agus céir a thaispeánfar a bheith ina dtáirgí bona fide de chuid beacha an taispeántóra féin agus iad táirgthe in Éirinn.
13. Is féidir leis an té a bhuann trófaí é a choimeád sé go dtí an chéad bhliain eile, nuair nach mór é a thabhairt ar ais do Rúnaí an tSeó agus é glanta, snasta agus dea-bhail air. Fanfaidh gach trófaí buan ina mhaoín de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Má chailltear aon trófaí nó má dhéantar damáiste dó nuair a bheidh sé i seilbh an bhuaiteora, beidh ar an mbuaiteoir sin íoc as costas an deisiúcháin.
14. Aicme na dTosaitheoirí. Próca amháin 340g nó 454g nó teascóg amháin. Tá sé seo ar oscailt d'iomaitheoirí nár bhuaigh an chéad duais in aon aicme riamh ag aon seó meala.
15. Ní féidir iontrálacha a thabhairt chun siúil go dtí go mbeidh searmanas bronnta na nduaiseanna thart.
16. Ní ghearrfar aon táille isteach.



# Aicme



1. **Dhá Theascóg (Bláthanna nó Fraoigh)** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
2. **Dhá Ghabhdán de Mhil Chíre Ghearrtha** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha. (meáchan 195g - 250g)
3. **Fráma Amháin de Mhil Chíre (oiriúnach lena húscadh)** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
4. **Fráma Amháin de Mhil Fraoigh** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
5. **Dhá Phróca de Mhil Gheal** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
6. **Dhá Phróca de Mhil Mheánach** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
7. **Dhá Phróca de Mhil Dhorcha** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
8. **Dhá Phróca de Mhil Ghambach** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
9. **Dhá Phróca de Mhil Ghránaithe** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
10. **Dhá Phróca de Mhil Choipthe** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
11. **Dhá Phróca de Mhil Fraoigh** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
12. **Dhá Phróca Dhéag Meala.** Iad go léir a bheith den chineál céanna agus iad a chur ar taispeánta i bprócaí lena ndíol. Ní mór lipéad de chuid an taispeántóra a bheith ar gach próca. Chomh maith le caighdeán na meala, cuirfidh an Moltóir tarraingteacht agus meallacht chun ceannaigh san áireamh freisin. **NÍ LAON SEASTÁN AG TEASTÁIL.** Trófaí CCBÉ – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
13. **Cúig bhloc aon unsa de chéir bheach** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
14. **Cáca Meala.** Déanta d'ocht n-unsa de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh agus gráinnín salainn. BÁCÁIL i stán ciorclach atá sé orlach go leith go seacht n-orchlach go leith ar leithead – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
15. **Cáca Meala le Torthaí.** Déanta d'ocht n-unsa de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh, sé unsa de shabhdánaigh agus gráinnín salainn. BÁCÁIL i stán ciorclach atá sé orlach go leith go seacht n-orchlach go leith ar leithead – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
16. **Sé Bhriosca Bheaga (déanta d'aon oideas a bhfuil mil san áireamh ann)** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
17. **Buidéal Amháin de Mheá Thirim** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.



## Aicme



18. **Buidéal amháin de Mheá Mhílis** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
19. **Trí choinneal mhúnlaithe de chéir bheach** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, 3ú Bonn Cré-umha.
20. **Trí choinneal neamh-mhúnlaithe de chéir bheach** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, 3ú Bonn Cré-umha.
21. **Samhail amháin de chéir bheach, ceadaitear dath a chur ann (Ní ghlactar le coinnle)** – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
22. **Grianghraf amháin. Daite nó Dubh agus Bán** (a bhaineann le beacha, Priontáilte agus Feistithe, Méid Feistithe A4 amháin) – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
23. **Aicme Thaispeántais. Mil, Céir Bheach nó Meá (nó iad araon).** Lena chois sin ní miste ábhar maisiúil, céir dhaite bheach agus próca d'aon mhéid nó déanamh atá indíolta a úsáid. Ní mór 5 kg meala ar a laghad a chur ar taispeáint. Ní ceart go sáródh an méid 915mm x 1220mm. Ní bhaineann Riail 11 leis seo – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, agus 3ú Bonn Cré-umha.
24. **Aicme na dTosaitheoirí.** Trófaí an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, 3ú Bonn Cré-umha.

## Aicmí Sóisearacha



25. **Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha nó le beachaireacht**, teoranta do dhaltáí Bunscoile – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, 3ú Bonn Cré-umha.
26. **Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha nó le beachaireacht**, teoranta do dhaltáí Meánscoile – 1ú Bonn Óir, 2ú Bonn Airgid, 3ú Bonn Cré-umha.

## Duaiseanna Speisialta

**An Taispeántán is Fearr ag an Seó**

Trófaí Oifig na nOibreacha Poiblí Pháirc an Fhionnuisce

**An Mhil Chíre is Fearr ag an Seó**

Trófaí Chomhairle Crann na hÉireann

**An Mhil Reatha is Fearr ag an Seó**


Trófaí Gleeson

**Aicme 12**

Trófaí Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann

**Aicme na dTosaitheoirí**

Trófaí an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta





Tírdhreach stairiúil a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint léi i Pháirc an Fhionnuisce. Tá 707ha (1752 acra) inti agus tá sí ar cheann de na tírdhreacha iata is mó atá in aon chathair san Eoraip. Bunaíodh í ar dtús mar pháirc fianna Ríoga sa 17ú haois. Ós rud é gurb í sin an pháirc uirbeach is mó i mBaile Átha Cliath, aithnítear gur scamhóg ghlas na cathrach í agus léiríonn an taighde a rinneadh le déanaí na buntáistí móra a ghabhann le háiseanna Pháirc an Fhionnuisce do shláinte agus d'fholláine an phobail.

Tá an Pháirc an-tábhachtach ó thaobh na bithéagsúlachta i gCathair Bhaile Átha Cliath agus is acmhainn an-luachmhar í do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do na daoine a thagann ar cuairt chuici. Tá 50% de na speicis mhamacha atá le fáil in Éirinn le fáil inti mar aon le breis agus 40% de na speicis éan agus beach go léir toisc go gcuireann na réimsí fairsinge gnáthóga leathnádúrtha clúdach agus soláthairtí flúirseacha bia ar fáil agus lena chois sin cuireann siad suíomhanna neadaithe ar fáil d'éin.

Tá bearta bainistíochta atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar siúl i gcónaí sa Pháirc. Ar na bearta sin tá bainistiú féir ar bhealach íogair a thacaíonn leis an bhfiadhúlra, ligean do chrainn bás a fháil go nádúrtha laistigh de chriosanna caomhnaithe agus gan ach an méid is lú ceimiceán agus leasachán a úsáid agus is féidir.

Is é cuspóir foriomlán na hoibre ná bithéagsúlacht Pháirc an Fhionnuisce a chaomhnú agus a chothú anois agus san am atá le teacht, na speicis agus na gnáthóga tábhachtacha a chosaint agus a fheabhsú, gnáthóga luachmhara fiadhúlra a athchruthú agus speicis oiriúnacha a thabhairt isteach chun cur le bithéagsúlacht na páirce agus a gnáthóga.

*Sliocht as: Plean Bainistíochta agus Caomhnaithe Pháirc an Fhionnuisce*

## Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce agus Caisleán Bhaile an Ásaigh

Taispeántas bríomhar, siamsaíochta ar stair agus fiadhúlra Pháirc an Fhionnuisce. Is féidir leis an gcuairteoir taitneamh a bhaint anseo as léirmhíniú stairiúil ar an bpáirc ó 3500 RCh go dtí an lá atá inniu ann. Is féidir dul ar thuas chuig Áras an Uachtaráin, an Dún Armthaisce, Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin agus Caisleán Bhaile an Ásaigh agus bíonn siúlóidí agus cainteanna seachtainiúla ann freisin.

Ar oscailt gach lá ó 9.30am go 5.30pm ó cheann ceann na bliana. An cead isteach deireanach ag 5.00pm.

**Tuilleadh eolais ach glaoch ar**

Teil: 01 677 0095 R-phost: [phoenixparkvisitorcentre@opw.ie](mailto:phoenixparkvisitorcentre@opw.ie) [www.phoenixpark.ie](http://www.phoenixpark.ie)



@phoenixparkopw



@thephoenixpark





| Uimhir Aicme | Aicme                                          | Líon na dTaispeántán | D'úsáid na hOifige Amháin |
|--------------|------------------------------------------------|----------------------|---------------------------|
| 1            | Dhá Theascóg                                   |                      |                           |
| 2            | Dhá Ghabhdán de Mhil Chíre Ghearrtha           |                      |                           |
| 3            | Fráma Amháin                                   |                      |                           |
| 4            | Fráma Amháin de Mhil Fraoigh                   |                      |                           |
| 5            | Dhá Phróca de Mhil Gheal                       |                      |                           |
| 6            | Dhá Phróca de Mhil Mheánach                    |                      |                           |
| 7            | Dhá Phróca de Mhil Dhorcha                     |                      |                           |
| 8            | Dhá Phróca de Mhil Ghambach                    |                      |                           |
| 9            | Dhá Phróca de Mhil Ghránaithe                  |                      |                           |
| 10           | Dhá Phróca de Mhil Choipthe                    |                      |                           |
| 11           | Dhá Phróca de Mhil Fraoigh                     |                      |                           |
| 12           | Dhá Phróca Déag Lipéadaithe                    |                      |                           |
| 13           | Cúig Bhloc de Chéir Bheach                     |                      |                           |
|              |                                                |                      | D'úsáid na hoifige amháin |
| 14           | Cáca Meala Pléineáilte                         |                      |                           |
| 15           | Cáca Meala agus Torthaí ann                    |                      |                           |
| 16           | Sé Bhriosca                                    |                      |                           |
| 17           | Buidéal Amháin de Mheá Thirim                  |                      |                           |
| 18           | Buidéal amháin de Mheá Mhilis                  |                      |                           |
| 19           | Trí choinneal mhúnlaithe de chéir bheach       |                      |                           |
| 20           | Trí choinneal neamh-mhúnlaithe de chéir bheach |                      |                           |
| 21           | Samhail Amháin de Chéir Bheach                 |                      |                           |
| 22           | Grianghraf Amháin                              |                      |                           |
| 23           | Aicme Thaispeántais                            |                      |                           |
| 24           | Tosaitheoir                                    |                      |                           |
| 25           | Póstaer A4, daltaí bunscoile                   |                      |                           |
| 26           | Póstaer A4, daltaí dara leibhéal               |                      |                           |

## DEARBHÚ

Léigh mé na Rialacha agus na Rialacháin a bhaineann leis an seó thuas agus aontaím cloí leo. Dearbhaím agus na hiontrálacha seo á ndéanamh agam gur samplaí bona fide iad agus gurb iad mo tháirgí féin iad.

## (BLOCLITREACHA LE DO THOIL)

Ainm

Seoladh

Uimhir Ghutháin

Ríomhphost

## NÍL AON TÁILLE IONTRÁLA ANN

Tabhair na hiontrálacha do Meeda Downey Uasal, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Goirt Bhána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8. **R-PHOS**: meeda.downey@opw.ie | **TEIL**: 01 820 5800